An Coimisiún Pleanála

# An Fóram Pleanála Débhliantúil

## Déardaoin, an 12 Márta 2026

# An Fóram Pleanála Débhliantúil
# Márta 2026

- Fáilte go dtí an ceathrú cruinniú den Fhóram Pleanála
- Tabharfaimid an t-eolas is déanaí ar na nithe seo a leanas:
  - Rialachas agus an Bord Rialaithe
  - Plean Straitéiseach 2026-2028
  - Straitéis um Chlaochlú agus Seirbhísí Digiteacha
  - Forbhreathnú ar an gcásobair agus ar an bhfeidhmíocht go dtí seo
  - Gnóthaí Dlí
  - Acmhainniú
- Ar deireadh, ba mhaith linn aiseolas a fháil ar shaincheisteanna is ábhar imní agus ar bhealaí inar féidir linn feabhas a chur ar ár soláthar seirbhíse.

An Coimisiún Pleanála

# An tEolas is Deireanaí ar Rialachas

# An tEolas is Deireanaí ar Rialachas

- Bunaíodh an Coimisiún Pleanála an 18 Meitheamh 2025
- Tá Bord Rialaithe iomlán i bhfeidhm anois
  - Paul Reid, an Cathaoirleach, agus ochtar comhaltaí boird, lena n-áirítear triúr comhaltaí boird nua a ceapadh le déanaí: Dairine MacFadden, Ann Fitzgerald agus Josephine Henry
  - Tionóladh seacht gcruinniú den Bhord Rialaithe go dtí seo
  - Gabhadh ceithre thasc de láimh laistigh den chéad sé mhí, agus iad go léir curtha i gcrích
    - Ceadaíodh Cód Iompair nua
    - Ceapadh Príomh-Choimisinéir Pleanála
    - Ceadaíodh Doiciméad um Nós Imeachta Cinnteoireachta
    - Ceadaíodh Ráiteas Straitéise
  - Dhá Fhochoiste den Bhord: An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, agus an Coiste um Dhaoine, Feidhmíocht agus Cultúr

An Coimisiún Pleanála

# Plean Straitéiseach 2026-2028

# Plean Straitéiseach 2026-2028

An Coimisiún Pleanála

- Forbraíodh an plean trí éisteacht le heispéiris na mball foirne, na gCoimisinéirí, na ngeallsealbhóirí agus na gcomhaltaí den Bhord Rialaithe

- Cuireadh an plean le chéile le linn tréimhse mórathraithe, agus sinn ag aistriú ón mBord Pleanála chuig an gCoimisiún Pleanála. Tá ár sainordú agus ár seasamh sa chóras pleanála gan athrú, tríd is tríd. É sin ráite, tháinig athrú ar **'cé sinne'** agus ar **'an struchtúr atá orainn'**

- Trí na **cúig luach** agus na **ceithre cholún straitéiseacha** atá leagtha amach sa phlean, cinnteofar ionracas an phróisis cinnteoireachta trí chaitheamh ar bhealach trédhearcach, nuálach, measúil agus cothrom le gach duine a idirghníomhaíonn leis an gCoimisiún Pleanála le linn an phróisis pleanála, agus tabharfar tuilleadh deimhneachta maidir le hamlínte cinnteoireachta

# Ár gCuspóir agus ár bhFís

- **Cuspóir**
  Mar chuid dhílis den chóras pleanála, déanfaimid cinntí atá láidir, neamhspleách agus neamhchlaon ar bhealach cóir, éifeachtúil agus trédhearcach a chuireann forbairt inchothaithe agus pleanáil chuí chun cinn

- **Fís**
  A bheith inár gcomhlacht náisiúnta pleanála atá iontaofa, éifeachtach agus forásach agus a oibríonn ar mhaithe leis an leas coiteann

# Luachanna

- Éifeachtúlacht agus Éifeachtacht: Táimid tráthúil, gairmiúil agus láidir inár gcinnteoireacht agus inár n-oibríochtaí. Tuigimid tionchar ár róil sa phróiseas pleanála mar chomhlacht cinnteoireachta.
- Ionracas: Comhlíonaimid ár bhfeidhmeanna ar aon dul leis na caighdeáin iompraíochta agus eitice is airde. Cosnaímid neamhspleáchas agus neamhchlaontacht ár gcinnteoireachta.
- Trédhearcacht: Táimid oscailte agus cuntasach inár gcinntí, inár gcórais agus inár bpróisis. Táimid soiléir agus macánta inár gcumarsáid agus inár ngníomhartha. Táimid réamhghníomhach inár gcaidreamh le geallsealbhóirí.
- Nuálaíocht: Táimid solúbtha agus comhoibríoch. Féachaimid i gcónaí le feabhas a chur ar ár gcórais, ar ár bpróisis agus ar an dóigh a n-oibrímid le chéile agus le daoine eile.
- Meas: Aithnímid an luach agus an dínit atá i ngach duine. Tá tuiscint shoiléir againn ar an gceart chun rannpháirtíochta córa inrochtana atá ag gach duine sa chóras pleanála

## Colún Straitéiseach 1 agus Cuspóirí

An Coimisiún Pleanála

- **Colún 1 - An clú atá orainn a thógáil mar chomhlacht náisiúnta pleanála atá iontaofa, éifeachtach agus forásach agus a chloíonn leis na caighdeáin ghairmiúla is airde agus leis an eitic ghairmiúil is airde**

- **Cuspóirí chun tacú leis an gcolún seo**
  - Muinín a chothú le geallsealbhóirí trí chumarsáid oscailte spéisiúil, agus neamhspleáchas ár gcinntí á chinntiú an tráth céanna.
  - Ceannaireacht straitéiseach a thabhairt, agus aird á tabhairt ar na caighdeáin ghairmiúla is airde agus ar an eitic ghairmiúil is airde.
  - A chinntiú go mbíonn córais, próisis agus cleachtas ag teacht le feidhmíocht an Bhoird Rialaithe agus leis an treo straitéiseach a thugann sé.
  - Ár gcuid cinntí agus seirbhísí a fheabhsú go leanúnach, agus an ról uathúil atá againn sa chóras pleanála á urramú

# Colún Straitéiseach 2 agus Cuspóirí



- **Colún 2 - Cinntí atá láidir, neamhchlaon agus neamhspleách a dhéanamh ar bhealach éifeachtúil a urramaíonn inchothaitheacht agus pleanáil chuí**

- **Cuspóirí chun tacú leis an gcolún seo**
  - Na hamlínte atá leagtha amach san Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024, a chomhlíonadh ina n-iomláine
  - Baill foirne agus sainchomhairleoirí a bhfuil na scileanna agus an saineolas cuí acu a earcú chun nuálaíocht ó thaobh cleachtais de agus sármhaitheas ó thaobh cinnteoireachta de a chinntiú
  - Cumas a fhorbairt agus a fheabhsú trí fhoghlaim agus forbairt agus trí thionscnaimh chultúrtha.
  - Díriú ar chomhsheasmhacht i gcleachtais chinnteoireachta agus ar fhoghlaim leanúnach a chomhtháthú ar mhaithe le feabhas a chur ar sheirbhísí.

# Colún Straitéiseach 3 agus Cuspóirí

An Coimisiún Pleanála

- **Colún 3 - Seirbhísí ardchaighdeáin, córais nuálacha agus próisis éifeachtúla a sholáthar lena n-éascaítear rannpháirtíocht chóir agus atá inrochtana ag cách.**

- **Cuspóirí chun tacú leis an gcolún seo**
  - Seirbhísí den cháilíocht is airde a sholáthar, agus rannpháirtíocht chóir á cinntiú an tráth céanna
  - Comhsheasmhacht agus inrochtaineacht a chothú d'úsáideoirí seirbhíse ar fud an chórais pleanála trí dhul i dteagmháil le comhlachtaí eile pleanála
  - Plean Gníomhaíochta nua um Sheirbhís do Chustaiméirí a fhorbairt agus a ghlacadh, agus comhairliúchán poiblí i gcroílár an phlean
  - An straitéis um chlaochlú agus seirbhísí digiteacha uainn a bhrú chun cinn agus a chur chun feidhme
  - Cothroime agus inrochtaineacht chomhsheasmhach a chinntiú sa tseirbhís a sholáthraítear, agus an seasamh uathúil atá againn sa mhórchóras pleanála á aithint

## Colún Straitéiseach 4 agus Cuspóirí

An Coimisiún Pleanála

- **Colún 4 - Eagraíocht chuimsitheach sholúbtha fhorbairt-dírithe a chothú**

- **Cuspóirí chun tacú leis an gcolún seo**
  - Eagraíocht a fhorbairt atá solúbtha agus freagrúil do dhúshláin agus do dheiseanna
  - Timpeallacht oibre dhearfach shábháilte a chinntiú do chách, áit a gcothaítear comhoibriú agus cuimsitheacht
  - An struchtúr eagraíochtúil a chur ar aon dul le riachtanais soláthar seirbhíse
  - Nuálaíocht agus sármhaitheas a spreagadh, agus cobhsaíocht oibríochtúil á coinneáil ar bun an tráth céanna

An Coimisiún Pleanála

# Straitéis um Chlaochlú agus Seirbhísí Digiteacha

# Straitéis um Chlaochlú agus Seirbhísí Digiteacha

An Coimisiún Pleanála

- Achomhairc ar Líne
  - Tá na chéad achomhairc ar líne amháin á bhfáil ón 5 Márta 2026 i leith trí thionscadal rialaithe, rud atá ar bun tar éis treoirthionscadal a sheoladh le hachomhairc ghníomhacha sa chéad ráithe. Soláthrófar nasc do na geallsealbhóirí uile chun an t-ardán a thriail agus chun aiseolas a thabhairt ina leith

Éifeachtúlachtaí Próisis i gComhar le hÚdaráis Phleanála:

- Comhad Poiblí le haghaidh Iarratais Dhíreacha
  - Ó mhí an Mheithimh 2025 i leith, is ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin Pleanála atá gach doiciméad poiblí a bhaineann le 'hIarratais Dhíreacha' nua. Cé go bhfaighidh an Coimisiún Pleanála agus an tÚdarás Pleanála cóip den iarratas páipéir go fóill, ní bheidh tuairimí ar fáil ach amháin ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin Pleanála.
- Doiciméid Iarratais na nÚdarás Pleanála
  - Amharcfaidh an Coimisiún Pleanála ar dhoiciméid ar shuíomhanna Gréasáin de chuid údarás pleanála, in ionad doiciméid dhigiteacha a dhúbláil ón údarás pleanála chuig an gCoimisiún Pleanála
- Doiciméid Iarratais an Choimisiúin Pleanála
  - Tá togra ann go seolfadh an Coimisiún Pleanála doiciméid leis an bpost, seachas iad a sheoladh chuig an údarás pleanála agus chuig rannpháirtithe eile

Uathoibriú chun gach athrú próisis a chumhachtú – achomhairc ar líne, doiciméid

Córas Bainistíochta Cásanna agus Power BI – Le córas nua-aimseartha inmheánach, cumasaítear ard-chomhtháthuithe digiteacha agus ardanailís sonraí Power BI

An Coimisiún Pleanála

# Forbhreathnú ar Chásobair

## Spriocanna Cásoibre do chásanna a taisceadh sa bhliain 2026 (roimh thosach feidhme an Achta).
## Ina dhiaidh sin, beidh spriocanna mar atá leagtha amach san Acht um Pleanáil agus Forbairt.
## Tá sainordú orainn iad sin a chomhaontú leis an Roinn

An Coimisiún Pleanála

| Function | Targets until commencement of P&D Act 2024 | Post P&D Act Commencement |
|---|---|---|
| **Large Scale Residential Developments (LRD)** | 100% of cases disposed of within SOP of 16 weeks | 100% within relevant period |
| **Normal Planning Appeals** | 90 - 100% of 2026 cases disposed of within SOP of 18 weeks | 100% within relevant period |
| **Vacant site levy appeals** | 95 - 100% of cases disposed of within SOP of 18 weeks | 100% within relevant period |
| **Derelict Site Appeals** | 95 - 100% of cases disposed of within SOP of 18 weeks | 100% within relevant period |
| **RZLT Appeals** | 95 - 100% of cases disposed of within SOP of 16 weeks | 100% within relevant period |
| **Electricity Cases** | 75 - 85% of 2026 cases disposed of within the 2024 P&D Act timeline provisions (48 weeks) | 100% within relevant period |
| **Section 37(B) Private Applications** | 75 - 85% of 2026 cases disposed of within the 2024 P&D Act timeline provisions (48 weeks) | 100% within relevant period |
| **Local Authority Projects (LAP)** | 75 - 85% of 2026 cases disposed of within the 2024 P&D Act timeline provisions (26 weeks) | 100% within relevant period |
| **Strategic Infrastucture Developments (SID applications)** | 75 - 85% of 2026 cases disposed of within the 2024 P&D Act timeline provisions (48 weeks) | 100% within relevant period |


# All Case Types

| Intake Previous 12 Months | Disposed Previous 12 Months | Formally Disposed Previous 12 Months | On Hands Month End |
|---|---|---|---|
| 2886 | 3056 | 2411 | 1270 |

## All Case Types

| Year | 2025 | | | | | | | | | | 2026 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | March | April | May | June | July | August | September | October | November | December | January | February |
| Cases Disposed | 267 | 242 | 251 | 238 | 320 | 205 | 243 | 275 | 319 | 223 | 236 | 237 |
| Cases Received | 191 | 237 | 238 | 232 | 337 | 275 | 236 | 238 | 238 | 231 | 217 | 216 |
| Total On Hands | 1364 | 1359 | 1346 | 1341 | 1357 | 1427 | 1420 | 1383 | 1302 | 1310 | 1291 | 1270 |

## All Case Types




# Large Scale Residential Developments (LRD)

| Intake Previous 12 Months | Disposed Previous 12 Months | Formally Disposed Previous 12 Months | On Hands Month End |
|---|---|---|---|
| 82 | 73 | 57 | 22 |


## LRD Cases

| Year | 2025 | | | | | | | | | | 2026 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | March | April | May | June | July | August | September | October | November | December | January | February |
| Cases Disposed | 6 | 3 | 5 | 7 | 4 | 10 | 11 | 3 | 9 | 6 | 6 | 3 |
| Cases Received | 6 | 4 | 12 | 9 | 7 | 8 | 5 | 5 | 2 | 7 | 10 | 7 |
| Total On Hands | 14 | 15 | 22 | 24 | 27 | 25 | 19 | 21 | 14 | 15 | 19 | 22 |

## LRD Cases




# Total On Hands




## Total On Hands

| Month | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 |
|---|---|---|---|---|
| January | 2672 | 2403 | 1530 | 1289 |
| February | 2796 | 2332 | 1440 | 1270 |
| March | 2893 | 2240 | 1363 | |
| April | 3565 | 2122 | 1358 | |
| May | 3626 | 2052 | 1345 | |
| June | 3499 | 1911 | 1340 | |
| July | 3390 | 1941 | 1356 | |
| August | 3143 | 1989 | 1426 | |
| September | 2961 | 1911 | 1419 | |
| October | 2770 | 1726 | 1382 | |
| November | 2577 | 1590 | 1301 | |
| December | 2547 | 1569 | 1309 | |

## Total On Hands



# Total On Hands - SOP Detail

## Total On Hands with SOP Detail

| Year | 2024 | | | | 2025 | | | | 2026 | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Month | Total on hands | Total on hands Within SOP | Total on hands After SOP | % on hands After SOP | Total on hands | Total on hands Within SOP | Total on hands After SOP | % on hands After SOP | Total on hands | Total on hands Within SOP | Total on hands After SOP | % on hands After SOP |
| January | 2403 | 760 | 1643 | 68.37% | 1530 | 706 | 824 | 53.86% | 1289 | 808 | 481 | 37.32% |
| February | 2332 | 773 | 1559 | 66.85% | 1440 | 682 | 758 | 52.64% | 1270 | 829 | 441 | 34.72% |
| March | 2240 | 799 | 1441 | 64.33% | 1363 | 658 | 705 | 51.72% | | | | |
| April | 2122 | 784 | 1338 | 63.05% | 1358 | 687 | 671 | 49.41% | | | | |
| May | 2052 | 765 | 1287 | 62.72% | 1345 | 712 | 633 | 47.06% | | | | |
| June | 1911 | 743 | 1168 | 61.12% | 1340 | 738 | 602 | 44.93% | | | | |
| July | 1941 | 833 | 1108 | 57.08% | 1356 | 821 | 535 | 39.45% | | | | |
| August | 1989 | 900 | 1089 | 54.75% | 1426 | 890 | 536 | 37.59% | | | | |
| September | 1911 | 871 | 1040 | 54.42% | 1419 | 888 | 531 | 37.42% | | | | |
| October | 1726 | 767 | 959 | 55.56% | 1382 | 871 | 511 | 36.98% | | | | |
| November | 1590 | 709 | 881 | 55.41% | 1301 | 796 | 505 | 38.82% | | | | |
| December | 1569 | 725 | 844 | 53.79% | 1309 | 812 | 497 | 37.97% | | | | |

# Amlínte Éigeantacha agus Dúshláin

- Tiocfaidh dúshláin nua chun cinn tráth thosach feidhme na nAmlínte Éigeantacha atá san Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024
- Chuir gach cuid den eagraíocht obair shuntasach isteach chun ullmhú dó sin
  - Tugadh Córas Bainistíochta Cásanna isteach, mar aon le deaiseanna oibríochtúla
  - Tá comhaid á mbainistiú go gníomhach ag na Stiúrthóirí Pleanála agus ag an bPríomh-Choimisinéir Pleanála
- Tá amlínte á n-oibriú go deonach againn le bliain anuas, agus comhlíonadh na n-amlínte cothrom le 80%, beagnach, i gcás Tionscadail Údaráis Áitiúil, le níos mó ná 90% i gcás Gnáthachomhairc Phleanála, agus le 100% i gcás Forbairtí Cónaithe Mórscála
- Dúshláin amach anseo
  - Mar thoradh ar amlínte RED III agus ar an méadú ar an líon cásanna casta FBS, beidh pleanálaithe seanchleachta breise ag teastáil

# Forbairt Bonneagair Straitéisigh

## Cásanna FBS

# Cásanna Níos Sine – Bainistiú gníomhach á dhéanamh ar na cásanna FBS atá fágtha

An Coimisiún Pleanála

| Bliain | Iomlán na gCásanna | Stádas |
|---|---|---|
| Réamh-2020 | Cás amháin | An chéad chás maidir le cúiseanna dianriachtanacha leasa phoiblí sháraithigh – Eisíodh an Tuarascáil ón gCigire – cinneadh le teacht go luath |
| 2023 | 5 chás | • Cás leictreachais amháin – cumhacht meitreo – fuarthas freagra ar iarraidh ar fhaisnéis bhreise<br>• 1 chás Údaráis Áitiúil (saincheisteanna maidir leis an Measúnacht Chuí)<br>• 2 Fheirm Ghaoithe – ceann amháin os comhair na gCoimisinéirí, an ceann eile os comhair na gCigirí<br>• Bóthar na Gaillimhe – cinneadh le teacht go luath |
| 2024 | 19 gcás | 4 chás mhuirí<br>10 gcás a bhaineann leis an 7ú Sceideal<br>2 chás Údaráis Áitiúil<br>3 chás leictreachais |

# Cásanna Fuinnimh In-athnuaite atá idir Lámha – Go dtí Seo sa Bhliain 2026

An Coimisiún Pleanála

| **Cásanna atá idir Lámha** | **Iomlán** | **An Coimisiún** | **Cigire** |
|---|---|---|---|
| Tionscadail Fuinnimh Gréine | 21 | 4 | 17 |
| Tionscadail Forbartha Bonneagair Straitéisigh Fuinnimh Gaoithe* | 21 | 3 | 18 |
| Achomhairc i leith Tionscadail Fuinnimh Gaoithe** | 22 | 2 | 20 |
| | | | |

* Lena n-áirítear tarchur amháin ón gcúirt agus 8 gcinn de chásanna RED III

** Lena n-áirítear 8 dtarchur ón gcúirt

An Coimisiún Pleanála

# Iarratais Mhuirí

# Iarratais Mhuirí

- Fuarthas freagra ar iarraidh ar fhaisnéis bhreise le haghaidh Feirm Ghaoithe Oiriall i lár mhí Eanáir. Meastar an fhaisnéis sin a bheith suntasach
- Tá fógra faoi fhaisnéis shuntasach bhreise maidir le Feirm Ghaoithe Oiriall le foilsiú ag an gCoimisiún Pleanála.
- Táthar ag feitheamh le freagra ar iarraidh ar fhaisnéis bhreise do chásanna eile.
- Bualadh leis na hiarratasóirí uile chun an iarraidh ar fhaisnéis bhreise a phlé.
- Forbairt Calafort
  - Cuan Rinn an Scidígh, rud a cinneadh an 1 Nollaig 2025
  - Eoraphort Ros Láir, rud a taisceadh an 10 Nollaig 2025
  - Calafort Phort Láirge, rud a taisceadh an 5 Meán Fómhair 2025

An Coimisiún Pleanála

# Gnáthachomhairc Phleanála / Tithíocht

# Gnáthachomhairc Phleanála – Cásanna réamh-2025 atá os comhair na Cigireachta

| Bliain - Anailís | Líon | Stádas |
|---|---|---|
| **2020** | 2 chás | 2 chás lena mbaineann toiliú ionaid – eisíodh faisnéis bhreise |
| **2021** | 2 chás | 2 chás lena mbaineann toiliú ionaid – comhairle dlí ag teastáil |
| **2022** | 3 chás | 3 chás – bac dlíthiúil |
| **2023** | Cás amháin | 1 chás – baineadh bac dlíthiúil – le críochnú sa chéad ráithe |
| **2024** | 34 chás | 1 chás – bac dlíthiúil<br>12 chás – eisíodh faisnéis bhreise<br>21 chás – tá na cásanna seo á gcur ar aghaidh go gníomhach |


# Forbairt Tithíochta Straitéiseach

An Coimisiún Pleanála

Cinntí go dtí Seo (tar éis chás Crofton)

## Aibreán 2024 go Márta 2026

| Cinneadh | Líon |
|---|---|
| Deonaíodh an cás (tá athbhreithniú breithiúnach á dhéanamh ar thrí chás) | 7 |
| Diúltaíodh don chás (tá athbhreithniú breithiúnach á dhéanamh ar cheithre chás) | 40 |
| Rinneadh cinneadh roinnte | 2 |
| Cinneadh ar feitheamh | 1 |
| Tarraingíodh an cás siar | 10 |
| **Iomlán** | **60** |




Tá 14 chás tharchurtha idir lámha go fóill

An Coimisiún Pleanála

# Gnóthaí Dlí

# Athbhreithniú breithiúnach sa bhliain 2025

» Taisceadh 143 athbhreithniú bhreithiúnacha leis an bPríomh-Oifig sa bhliain 2025 (seirbheáladh 142 cheann díobh), agus luadh iontu 532 fhoras a bhí bunaithe ar an dlí intíre, 142 fhoras a bhí bunaithe ar dhlí an Aontais Eorpaigh, agus 31 fhoras a bhí bunaithe ar bhailíocht

» 57% ó thríú páirtithe, 30% ó iarratasóirí ar fhorbairt, agus 13% ó úinéirí talún

» Tá na ceadanna a deonaíodh do 2,441 aonad tithíochta faoi réir athbhreithnithe breithiúnacha a taisceadh sa bhliain 2025

| Commercial | 44 | Single house / householder | 11 |
|---|---|---|---|
| Infrastructure | 30 | Renewable | 9 |
| Housing 2 - 99 | 22 | Mast | 7 |
| Housing SHD / LRD | 13 | RZLT | 6 (142) |

» Torthaí sa bhliain 2025: Buadh 36 chás, cailleadh 15 chás, géilleadh 23 chás, 4 chás 'Gillooly', agus tarraingíodh 35 chás siar

» Tá an cóimheas idir cásanna a buadh agus cásanna a cailleadh ag feabhsú. Tá an cóimheas idir cásanna a buadh, cásanna 'Gillooly', cásanna a tarraingíodh siar agus cásanna a cailleadh/a géilleadh ag feabhsú freisin

# Athbhreithniú Breithiúnach sa bhliain 2026

An Coimisiún Pleanála

- Bhí 19 n-athbhreithniú bhreithiúnacha taiscthe leis an bPríomh-Oifig amhail an 11 Márta 2026 (bhí 44 athbhreithniú bhreithiúnacha taiscthe amhail an 11 Márta 2025)
- Cáin Talún Cónaí-Chriosaithe: 7 / Tithíocht - Tionscadail FCM agus FTS, 2 – 99: 5 / Tionscadail Tráchtála: 3 / Tionscadail Fuinnimh In-athnuaite: 2 / Tionscadail Bhonneagair: 2 (19)
- Tá na ceadanna a deonaíodh do 586 aonad tithíochta faoi réir athbhreithniú breithiúnach sa bhliain 2026
- Torthaí go dtí seo sa bhliain 2026: Buadh 7 gcás / cailleadh 2 chás / géilleadh 4 chás / tarraingíodh 7 gcás siar
- Sheas an cinneadh ón gCoimisiún athbhreithniú breithiúnach i 14 chás
- Níor sheas an cinneadh ón gCoimisiún athbhreithniú breithiúnach i 6 chás

# An t-eolas is deireanaí ar Fheirm Ghaoithe na Cúile Glaise agus ar an aeráid

- *Feirme Ghaoithe na Cúile Glaise* – Breithiúnas ón gCúirt Uachtarach an 4 Feabhra 2026 agus rialú uaithi maidir le costais an 2 Márta 2026
- Thug an Chúirt Uachtarach léirmhíniú cinntitheach ar alt 15 den Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, rud lena n-aithnítear an creat beartas aeráide agus an ról atá ag Oifig an Rialálaí Pleanála
- Is faoi na 'comhlachtaí iomchuí' agus faoi na Cúirteanna, go háirithe an Chúirt Pleanála agus Comhshaoil, atá sé an treochlár a leag an Chúirt Uachtarach síos a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm
- Táthar ag súil leis gurb í an Ard-Chúirt (an Breitheamh Humphreys) a dhéanfaidh an chéad bhreithniú breithiúnach mionsonraithe ar an mbreithiúnas maidir le *Feirm Ghaoithe na Cúile Glaise* sa chás *Doyle v An Coimisiún Pleanála* (314474 agus 313895).

# Cinntí maidir le tionscadail fuinnimh gaoithe a chosaint

An Coimisiún Pleanála

- Ó bhí an bhliain 2023 ann, d'éirigh leis an gCoimisiún na ceadanna a deonaíodh do **15** fheirm ghaoithe ar talamh a chosaint, agus 196 thuirbín gaoithe i gceist leo
- Bhí 3,064 leathanach san iomlán ann sna tuarascálacha ón gcigire maidir leis na 15 chead sin, agus fuarthas faisnéis bhreise i ngach cás seachas ceann amháin.
- Tá cúig chás fós ar siúl, lena n-áirítear éisteacht i gCúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 25 Márta 2026 maidir le cás *Power* (309412 agus C-27/25) agus cás *Massey* (309121 agus C-356/25)
- Is rud atriallach í cinnteoireacht. Díríonn tríú páirtithe agus comhlachtaí forordaithe aird ar bhearnaí, agus iarraimid faisnéis bhreise chun aghaidh a thabhairt orthu. Cabhróidh sé sin leis an gCoimisiún an cinneadh <u>láidir</u> deiridh uaidh a dhéanamh
- Cásanna fuinnimh gaoithe atá le teacht maidir le diúltú cead a thabhairt – *Feirm Ghaoithe Chnoc Dheighrice*, Port Láirge (317265), agus *Feirm Ghaoithe Chom na gCapall*, Port Láirge (318446)

An Coimisiún Pleanála


# Acmhainní Daonna

# Acmhainní


| CL | An Coimisiún | An Lucht Ardbhainistíochta | An Chigireacht | An Lucht Riaracháin | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| Deireadh na bliana 2023 | 15 | 22 | 86 (3) | 131 | 254 |
| Deireadh na bliana 2024 | 17 | 27 | 100 (3) | 146 | **290** |
| Deireadh na bliana 2025 | POF amháin 14 Choimisinéir Pleanála | 29 | 100 (7) | 151 | **295** |
| 2023 v 2025 | | | | | **+16%** |
| Deireadh mhí Feabhra 2026 | POF amháin 14 Choimisinéir Pleanála | 28 | 101(7) | 152 | **295** |
| CL Ceadaithe | | | | | **313** |

| **Tréimhse: Eanáir-Nollaig 2025** | | **Tréimhse: Eanáir-Feabhra 2026** | |
|---|---|---|---|
| Tosaitheoirí Nua | 43 | Tosaitheoirí Nua | 1 |
| Fágálaithe | 35 | Fágálaithe | 1 |
| Arduithe Céime | 15 | Arduithe Céime | 5 |

# Earcaíocht


No. of Competitions
No. of Competitions
6
17
8
8
2
2022
2023
2024
2025
2026

# Tosaitheoirí



An Coimisiún Pleanála

www.pleanala.ie